PPT36/00 has been replaced by PPT17/99

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

IMLITIR 36 /00

Do Choistí Gairmoideachais agus d'Údaráis Bhainistíochta Meánscoileanna agus Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha

FORLEATHNÚ MAIDIR LE TEIDEAL AR SHAOIRE DO THUISMITHEOIRÍ

1. RÉAMHRÁ

1.1 Tá leasú déanta ar an Acht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998, le héifeacht ó 19 Iúil 2000.

1.2 Ba chóir an Imlitir seo a léamh in éineacht leis an Imlitir 17/99 (dar teideal Saoire do Thuismitheoirí agus Saoire um Force Majeure i leith Oidí i Scoileanna Dara Leibhéal).

2. TEIDEAL AR SHAOIRE DO THUISMITHEOIRÍ DE THORADH AN LEASAITHE SEO

2.1 Tá forleathnú déanta maidir le teideal ar shaoire do thuismitheoirí ina n-áirítear

(i) tuismitheoirí nádúrtha de pháiste a rugadh idir 3 Nollaig 1993 agus 2 Meitheamh 1996

agus

(ii) tuismitheoirí uchtaithe de pháiste a rugadh ar 3 Nollaig 1993 nó ina dhiaidh sin agus gur rinneadh ordú uchtaithe ina leith le linn na tréimhse ó 3 Nollaig 1993 go dtí 2 Meitheamh 1996.

2.2 Tá teideal ag tuismitheoirí ar 14 seachtain de shaoire do thuismitheoirí i leith gach páiste ***agus ní foláir dóibh an forleathnú sin maidir le teideal ar shaoire do thuismitheoirí a ghlacadh tráth nach déanaí ná 31 Nollaig 2001.***

3. INTOFACHT LEASAITHE A ÉIRÍONN AS FORLEATHNÚ AR THEIDEAL

ROIMH AN LEASÚ SEO

3.1 Ní foláir d'oide tréimhse leanúnach de bhliain amháin a bheith caite aige/aice le Bord Bainistíochta sula bhféadfaí a t(h)eideal iomlán de shaoire do thuismitheoiri a ghlacadh.

Má tharlaíonn go bhfuil níos lú ná bliain amháin ach go bhfuil níos mó ná 3 mí de sheirbhís leanúnach ag oide le húdaras bainistíochta, beidh an t-oide sin i dteideal saoire do thuismitheoirí a ghlacadh a bheadh ionann le tréimhse seachtaine amháin in aghaidh gach mí d'fhostaíocht leanúnach a bheadh slánaithe aige/aice ag údarás banistíochta ag am tosaithe na saoire.

FAOIN LEASÚ SEO

3.2 I gcás oide a bheadh i dteideal saoire do thuismitheoirí a ghlacadh de thoradh an leasaithe seo, má mhalartaítear scoileanna gan an tseirbhís a bhriseadh le linn na 12 mí roimh 19 Iúil 2000, beidh a leithéid d'oide i dteideal tréimhse de shaoire do thuismitheoirí a ghlacadh dá mba nár tharla an t-athrú sin in aon chor.

3.3 Baineann na téarmaí d'alt 3.1, thuas, le hoidí a mhalartaíonn scoileanna ar 20 Iúil 2000 nó níos déanai ná sin.

4. CONUS MAR IS FÉIDIR SAOIRE DO THUISMITHEOIRÍ A GHLACADH

ROIMH AN LEASÚ SEO

4.1 Ach gan ilbhreitheanna san áireamh, is é 14 seachtain an uastréimhse de shaoire do thuismitheoirí is féidir le hoide a ghlacadh i dtréimhse ar bith de dhá mhí déag muna gceadaíonn an t-údaras bainistíochta a mhalairt.

FAOIN LEASÚ SEO

4.2 An uastréimhse de 14 seachtain i dtréimhse de dhá mhí déag saoire do thuismitheoirí, ní bhaineann sé leis na hoidí sin ar a bronnadh cearta nua saoire do thuismitheoirí mar a léiríodh i mír 2.1, thuas.

4.3 Sa chás, áfach, go bhfuil sé de theideal ag oide níos mó ná 14 seachtain de shaoire do thuismitheoirí a ghlacadh i dtréimhse de dhá mhí déag, déanfar gach tréimhse ar leith de shaoire do thuismitheoirí a mheas ag an údarás bainistíochta.

5. SAOIRE DO THUISMITHEOIRÍ AR ATHLÁ

ROIMH AN LEASÚ SEO

5.1 D'fhéadfadh an t-údarás bainistíochta an tsaoire do thuismitheoirí a chur siar más i dtuairim an údaráis do bheadh móréifeacht neamhfhabhrach ag a leithéid de shaoire ar oibriú na scoile. D'fhéadfadh an cur siar a bheith ar dháta aontaithe nach mbeadh níos déanaí ná 6 mí ón dáta a bhí sonraithe ag an oide mar thúslá na saoire do thuismitheoirí.

FAOIN LEASÚ SEO

5.2 Sa chás go bhfuil sé de theideal ag oide, faoin comhaontú seo, níos mó ná 14 seachtain de shaoire do thuismitheoirí a ghlacadh i dtréimhse de dhá mhí déag, déanfar gach tréimhse ar leith de shaoire do thuismitheoirí a mheas. Faoin leasú seo d'fhéadfadh údarás bainistíochta an dá thréimhse nó ceachtar den dá thréimhse de shaoire do thuismitheoirí a chur siar más i dtuairim an údaráis go mbheadh an seans ann go mbeadh éifeacht suntasach ag a leithéid de shaoire ar oibriú na scoile.

5.3 Má tharlaíonn de thoradh an churtha siar de thréimhse/thréimhsí de shaoire do thuismitheoirí, agus de thoradh sin amháin, ní féidir leis an oide an tsaoire a ghlacadh roimh 31 Nollaig 2001, fanann an ceart ag an oide saoire do thuiemitheoirí a ghlacadh tar éis an dáta sin ach tráth na saoire a chomhaontú ag an údarás bainistíochta.

6. TEIDEAL AR SHAOIRE DO THUISMITHEOIRÍ IAR 31 NOLLAIG 2001

6.1 Is féidir do Coimisinéar na gCeart den Bhinse Breithimh um Achomhairc Fhostaíochta a dhíriú go bhféadfaí saoire do thuismitreoirí a ghlacadh tar éis 31 Nollaig 2001 má tharlaíonn nach raibh an t-oide in ann a t(h)eideal ar shaoire a ghlacadh roimh an dáta sin de thoradh breoiteachta nó éagumais nó de thoradh cúinsí ar bith eile.

7. FEIDHMIÚ DE GACH FORÁIL EILE DEN IMLITIR 17/99

7.1 Baineann gach foráil eile den Imlitir 17/99 um Shaoire do Thuismitheoirí, an ceanglas chun fógra de 6 seachtain a thabhairt san áireamh, leis an nuatheideal ar shaoire do thuismitheoirí.

8. CÓIPEANNA DEN IMLITIR SEO

8.1 Iarrtar ar údaráis bhainistíochta aire gach oide intofa agus aire gach baill den Bhord Bainistíochta a dhíriú ar fhorálacha na hImlitreach seo.

Seán Ó Duineacha
Ard Rúnaí

Deireadh Fómhair 2000